View in browser

12 Bealtaine 2022

# Scéal, Scéal, Scéal...

- Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige -

Eagrán 96







## FAIREACHLANN & TURAS FÍORÚIL SA SPIDÉAL

Tá imeacht thar a bheith suimiúil á reáchtáil ag **Foras na Mara** i gcomhpháirt le **BlueWise Marine** i Stiúideo Cuan, sa Spidéal ar an 20 Bealtaine. Faireachlann **SmartBay** agus Turas Fíorúil ar SmartBay a bheas ann. Deis ar leith a bheidh ann sracfhéachaint phearsanta a fháil ar Fhaireachlann SmartBay agus ar na braiteoirí a bhíonn ar leaba na farraige amach ó chósta an Spidéil. Chomh maith le sin, beidh deis ag daoine turas fíorúil idirghníomhach a thabhairt ar áiseanna SmartBay agus casadh leis an bhfoireann. Beidh Faireachlann SmartBay á athlonnú go luath 1.5cm amach ó chósta an Spidéil, fiche méadar faoin uisce, ach roimhe sin, tabharfar an deis seo do dhaoine breathnú ar an bhfaireachlann agus níos mó a fhoghlaim faoin mbealach a dhéanann sé monatóireacht ar an aigéan. Mar chuid den thuras fíorúil, beidh daoine in ann turas iomlán 360° a dhéanamh ar áiseanna SmartBay agus radhairc iontacha lánléargais ar Chuan na Gaillimhe a fheiceáil chomh maith. Beidh an ócáid ar siúl ó 12-2i.n. agus is féidir teagmháil a dhéanamh le info@smartbay.ie le freastal.



SMARTBAY

## FAIREACHLANN & TURAS FÍORÚIL

**Stiúideo Cuan, An Spidéal**

12:00 – 14:00 | 20ú Bealtaine 2022

RSVP: info@smartbay.ie

www.smartbay.ie

#SmartBay #InMyCountry

## RANNTA GAELTACHTA - BAILIÚCHÁN THUISMITHEOIRÍ NA GAELTACHTA

Tá **Tuismitheoirí na Gaeltachta** sa tóir ar dhuine, nó ar dhaoine, le taithí nó saineolas cuí acu le bailiúchán de rannta Gaeltachta a chur i dtoll a chéile. Is éard a bheadh i gceist ná bailiúchán suntasach a chur le chéile d'ábhar sna trí mhórchanúint Gaeilge. Cé go bhfáilteofar roimh rannta nua-chumtha, cuirfear béim ar rannta dúchasacha. Úsáidfear an bailiúchán amach anseo le leabhar nó sraith leabhrán agus áiseanna digiteacha a bhunú mar thacaíocht do theaghlaigh atá ag tógáil a gclann le Gaeilge. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ach teagmháil a dhéanamh le sorcha@tuismitheoiri.ie

## CIORCAL COMHRÁ CHOIS FHARRAIGE

Tháinig **Ciorcal Comhrá Chois Fharraige** le chéile don chéad uair i mbliana le gairid. Club Foghlaimeoirí Gaeilge Chois Fharraige, le tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta agus Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga atá ina bhun. Tagann an grúpa le chéile ag oifigí na pleanála teanga in Inis Fáil, An Spidéal chuile Chéadaoin @ 7:30i.n. Tá fáilte roimh chách!

## OÍCHE EOLAIS - CLUB ÓIGE SCOIL SHAILEARNA

Tá oíche eolais á reáchtáil ag Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga i gcomhpháirt le Muintearas, ar an Máirt 17ú Bealtaine @ 6i.n. i halla Scoil Sailearna, le Club Óige Scoil Shailearna a phlé. Tá na heagraíochtaí ag súil go mbunófar club óige go luath le go mbeidh imeachtaí agus gníomhaíochtaí spraíúla ar siúl d'óige an cheantair.



## SCOLÁIREACHT GO COLÁISTE UISCE

Is mise Éamonn Ó Ceallacháin agus a bhuíochas d'Oifig Pleanála Teanga Chois Fharraige chaith mé seachtain iontach ar chúrsa cinnireachta i gColáiste UISCE i Maigh Eo. Timpeall leath chéad scoláire uilig a thug aghaidh ar Chuan Oiligh chun tabhairt faoin gcúrsa traenála. S'é an chéad rud a déanadh ach ár gcuid fónanna póca a thógáil! Ag smaoineamh siar air, chuaigh sé chun tairbhe go mór dhúinn. Ní bheadh leath an oiread craic againn dhá mbeidís againn agus chuir muid aithne ar a chéile go han-sciobtha. D'fhan muid i seomraí lóistín an choláiste, ar an gcampas. Dhúisigh muid ag a hocht chuile lá agus fuair muid bricfeasta roimh an gcéad eachtra. Bhí togha agus rogha an bhia againn. Choinnigh siad ag imeacht muid le gníomhaíochtaí ar feadh na seachtaine idir eachtraí ar an uisce, drámaíocht, céilithe, ranganna cinnireachta agus go leor eile. Bhí ár gcroíthe trom agus muid ag fágáil an choláiste ach bhí muid uilig ag súil go bhfeicfeadh muid a chéile arís mar chinnirí amach anseo.

## GAELCHARA CHOIS FHARRAIGE

Tá an scéim **Gaelchara** á reáchtáil ag Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga arís i mbliana. Tá foghlaimeoirí Gaeilge, agus cainteoirí líofa Gaeilge ag teastáil le páirt a ghlacadh sa scéim. Ní mór go mbeadh cónaí ar na rannpháirtithe sa limistéar - ó Na Forbacha go Ros an Mhíl, agus ní féidir gaol fola nó pósta a bheith idir na rannpháirtithe atá ag tabhairt faoi le chéile. Oibreoidh an foghlaimeoir agus an cainteoir líofa in éindí lena chéile leis an nGaeilge a úsáid níos minicí sa mbaile agus sa bpobal. Bronnfar €250 an duine ar an fhoghlaimeoir agus ar an meántóir ag deireadh na scéime. Le páirt a ghlacadh sa scéim, nó le breis eolais a fháil, déan teagmháil le optchois fharraige@gmail.com Féadfaidh beirt - foghlaimeoir agus cainteoir líofa - comh-iarratas a dhéanamh nó is féidir le daoine aonair iarratais aonair a dhéanamh. Bí i dteagmháil!!







## IARLA Ó LIONÁIRD AR AN SPIDÉAL

Beidh an fonnadóir clúiteach ó Chúil Aodha, Iarla Ó Lionáird ag amhránaíocht i Stiúideo Cuan, sa Spidéal Dé hAoine agus Dé Sathairn, 13 & 14ú Bealtaine. Beidh na ceoltóirí cumasacha Dermot Byrne, ó Dhún na nGall, agus Steve Cooney, ón Astráil, ag seinm in éineacht le hIarla. Beidh ceolchoirm eile den scoth ar bun i Stiúideo Cuan i gceann coicíse nuair a bheas an sár-bhoscadóir Mairtín O'Connor ag casadh ann le Cathal Hayden ar an bhfidil agus Seamie O'Dowd ar an ngiotár. Is féidir ticéid a cheannach ach cuairt a thabhairt ar an suíomh www.stiuideocuan.ie

## PODCHRAOLTÓIRÍ CHOIS FHARRAIGE ABÚ!

D'éirigh go hiontach le podchraoltóirí óga Chois Fharraige i g**Comórtas Podchraoladh Gael Linn** i mbliana. Comórtas do dhaltaí iar-bhunscoile atá ann atá dírithe ar dhaltaí na hidirbhliana go príomha. Tugadh cuireadh d'iomaitheoirí podchraolta a mhair idir 15-20 nóiméad a réiteach. Ba iad Áine Hensey agus Cathal Póirtéir a rinne moltóireacht ar an gcomórtas agus a thug aiseolas agus treoir do gach iontráil, chomh maith leis na buaiteoirí. I Rannóg A - d'iarbhunscoileanna a ndéantar teagasc i nGaeilge iontu, bronnadh an chéad, dara agus tríú háit ar dhaltaí ó Choláiste Chroí Mhuire, sa Spidéal do na cláir 'Agallamh le Mairéad Ní Nuadháin', 'Agallamh le Jimmy Joe Shéamuis' agus 'Agallamh le Peadar Mac an Iomaire'. Chomh maith le sin, bhain daltaí ó Choláiste Cholmcille an dara háit amach don duais náisiúnta leis an gclár 'Agallamh le hÁine Ní Dhubhghaill'. Treise libh, a chairde!

## ZUMBA AG COLÁISTE CHOLMCILLE

Ghlac daltaí agus foireann Choláiste Cholmcille páirt i rang Zumba le gairid chun airgead a bhailiú don eagraíocht **Pieta House**. Iarscoláire de chuid na scoile Bernie Veronica Ní Chonghaile a bhí i mbun an ranga ar pháirc na scoile. Bhí gach duine an-bhródúil páirt a ghlacadh ann mar gur bailíodh €450 do Pieta House, carthanacht a bhfuil an t-uafás éileamh ar na seirbhísí a chuireann siad ar fáil timpeall na tíre. Seo mar a rinne dalta de chuid na céad bliana, Mailí de Cléir, cur síos ar an ócáid: "Bhí muid ag damhsa le ceol difriúil. Thaitin sé go mór liom, bhí sé spraíúil. Ba mhaith liom é a dhéanamh arís."

Comhghairdeas ó chroí le daltaí agus foireann na scoile!






## GRÚPA SIÚLÓIDE CHOIS FHARRAIGE

Tiocfaidh grúpa siúlóide Chois Fharraige le chéile arís ar an gCéadaoin 18ú Bealtaine @ 6:30i.n. ag Séipéal na Mine. Tá súil againn go mbeidh an ghriain ag taitneamh le go mbeidh siúlóid éadrom, thaitneamhach againn. Fáilte roimh chách!

## DEIS FOSTAÍOCHTA LE COLÁISTE LURGAN

Tá Coláiste Lurgan sa tóir ar bhuachaillí, leis an gcéad bhliain ag an ollscoil curtha i gcrích acu, le bheith mar bhaill dá bhfoireann i mbliana. Obair mar chúntóir a bheadh i gceist. Le suim a léiriú nó le tuilleadh eolais a fháil faoi na féidearthachtaí seo, is féidir teagmháil a dhéanamh le lurgan2021@gmail.com

Ba mhaith liom go gcuirfí ar an liosta teagmhála mé.

Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga CTR

Inis Fáil, An Spidéal, Co. na Gaillimhe
H91 X63V

083 010 6294

Muna mian leat cóip den nuachtlitir seo a fháil, seol teachtaireacht chuig optchoisfharraige@gmail.com agus bainfear den liosta poist thú.

Ba mhaith liom m'ainm a bhaint ón liosta

SENT BY mailer lite